



# Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail
# Plean Forfheidhmithe 2026-2027

## **Cathair na Gaillimhe** — Áit atá ag athrú

Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

LCDC
Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil Chathair na Gaillimhe
Galway City Local Community Development Committee

# Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail

# Plean Forfheidhmithe 2026-2027

**Cathair na Gaillimhe** — Áit atá ag athrú

Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

LCDC
Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil Chathair na Gaillimhe
Galway City Local Community Development Committee

# Clár


| | |
|---|---|
| Cuspóir Ardleibhéil 1 | réigiún cathrach cruthaitheach den chéad scoth |
| Cuspóir Ardleibhéil 2 | cathair nuálach |
| Cuspóir Ardleibhéil 3 | cathair atá cothrom agus cuimsitheach |
| Cuspóir Ardleibhéil 4 | cathair sheasmhach inbhuanaithe |
| Cuspóir Ardleibhéil 5 | cathair a chuireann sláinte agus folláine chun cinn |

# Plean Forfheidhmithe 2026 - 2027

Is é seo an dara Plean Forfheidhmithe de Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chathair na Gaillimhe (PÁEP) 2024 - 2029. Leagtar amach ann na gníomhartha atá le cur ar fáil don tréimhse dhá bhliain ó 2026 – 2027.
Clúdaítear leis an bPlean Forfheidhmithe seo gnéithe pobail agus eacnamaíocha araon thar na 5 Sprioc Ardleibhéal agus 17 gCuspóir an PÁEP. Sainaithníodh struchtúir agus meicníochtaí seachadta do gach gníomh. Leagtar amach i bPleananna Forfheidhmithe na gníomhartha comhaontaithe atá le cur i bhfeidhm chun cuidiú leis na Cuspóirí agus na Spriocanna Ardleibhéil atá leagtha amach sa Chreat PÁEP a bhaint amach. Forbraíodh na gníomhartha bunaithe ar an gCreat PÁEP, ar chomhthéacs agus ar thaithí agus ar acmhainní daonna agus airgeadais araon atá ar fáil chun na gníomhartha a chur i bhfeidhm sa tréimhse 2 bhliain seo.

Tá Creatphlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chathair na Gaillimhe i bhfeidhm thar thréimhse sé bliana ó 2024. Forbraítear Pleananna Forfheidhmithe, arb é seo an dara ceann díobh, gach dara bliain. Tá gníomhartha soiléire intomhaiste sna Pleananna Forfheidhmithe seo bunaithe ar na Spriocanna agus na Cuspóirí Ardleibhéil sa Chreatphlean agus léiríonn siad na haighneachtaí a fuarthas trí chomhairliúchán agus trí sheasaimh pholasaí reatha. Tá na Pleananna Forfheidhmithe ceadaithe ag an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ) agus ag Coiste Beartais Straitéisigh um Fhorbairt Uirbeach (SPC) Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. Is ar bhaill an CFPÁ, an SPC agus Comhairle Cathrach na Gaillimhe atá an fhreagracht as cur i bhfeidhm, monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar an PÁEP.

# Cuspóir Ardleibhéil 1 – réigiún cathrach cruthairheach den chéad scoth region



# Cuspóir Ardleibhéil 1 — réigiún cathrach cruthaitheach den chéad scoth

| Sprioc Forbartha Inbhuanaithe | | Gníomh | Toradh an ghnímh | Príomh-chomhp-háirtí | Struchtúr an Chomhoibrithe |
|---|---|---|---|---|---|
| 1.1 | Leanúint de thacú le forbairt na hearnála cultúrtha chun cur le ról Chathair na Gaillimhe mar chathair den scoth atá nuálach, cuimsitheach agus comhoibríoch | Gníomhartha a chur i bhfeidhm in "Treonna Nua – Plean Straitéiseach do na hEalaíona 2021 - 2026" | Na healaíona a leabú i bpobail trí chláir áitbhunaithe, cónaitheacht ealaíontóirí, agus tionscnaimh faoi stiúir an phobail a chothaíonn rannpháirtíocht. Forbairt ghairmiúil ealaíon a chur chun cinn i gCathair na Gaillimhe trí thacaíocht agus infheistíocht spriocdhírithe.<br><br>Tionscnaimh atá ag teacht le polasaí náisiúnta um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú (EDI) agus 'Íoc an tEalaíontóir' a chur i bhfeidhm go réamhghníomhach, ag cinntiú ionadaíocht chothrom, rochtain chothrom, agus tacaíocht inbhuanaithe do chleachtóirí cruthaitheacha agus eagraíochtaí ealaíon ar fud na bpobal uile i gCathair na Gaillimhe.<br><br>Tionscadail ar leith agus scéimeanna maoinithe a chur i bhfeidhm agus a chur i gcrích, lena n-áirítear:<br>• Deontais a chuirtear ar fáil faoin 'Acht Ealaíon 2003' a spreagann suim an phobail sna healaíona, a chuireann eolas, léirthuiscint agus cleachtas na n-ealaíon chun cinn nó a fheabhsaíonn caighdeáin na n-ealaíon laistigh dá réimse feidhme do Chleachtóirí agus Eagraíochtaí Cruthaitheacha.<br>• Deiseanna d'Ealaíontóirí Cónaithe agus comhpháirtíocht le heagraíochtaí náisiúnta, lena n-áirítear cónaitheachtaí féideartha ag Scoil na dTionscal Cruthaitheach de chuid Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh. | Comhairle Cathrach na Gaillimhe | SPC Forbartha Turasóireachta/Clár Comhpháirtíochta Cultúrtha |

| Sprioc Forbartha Inbhuanaithe | | Gníomh | Toradh an ghnímh | Príomh-chomhp-háirtí | Struchtúr an Chomhoibrithe |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | • Cláir faoi stiúir na hOifige Ealaíon mar shampla Oíche Chultúir le deiseanna do rannpháirtíocht mac léinn agus céimithe.<br>• Cathair Scannán UNESCO agus tionscnaimh ealaíon lionsa-bhunaithe eile.<br>• Cláir Ealaíne Poiblí/Scéim an Chéatadáin don Ealaín<br>Scéim Comhpháirtíochta Cultúrtha a fhorbairt tuilleadh le comhpháirtithe ealaíon agus cultúir atá ar an bhfód le fada an lá, lena n-áirítear Féile Idirnáisiúnta Ealaíon na Gaillimhe, Macnas, Amharclann an Draoi, Baboró, Ionad Ealaíne na Gaillimhe.<br>Deiseanna comhoibritheacha a fhiosrú le hOllscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh, mar shampla imeachtaí cultúrtha agus scoileanna samhraidh a óstáil ar champas Pháirc an Tobair, ag tacú le<br>feiceálacht na tallainne cruthaithí a thagann as cláir tríú leibhéal.<br>Scéim Comhpháirtíochta Cultúrtha a fhorbairt tuilleadh le comhpháirtithe ealaíon agus cultúir atá ar an bhfód le fada an lá, lena n-áirítear Féile Idirnáisiúnta Ealaíon na Gaillimhe, Macnas, Amharclann an Draoi, Baboró, Ionad Ealaíne na Gaillimhe.<br>Deiseanna comhoibritheacha a fhiosrú le hOllscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh, mar shampla imeachtaí cultúrtha agus scoileanna samhraidh a óstáil ar champas Pháirc an Tobair, ag tacú le feiceálacht na tallainne cruthaithí a thagann as cláir tríú leibhéal. | | |

| Sprioc Forbartha Inbhuanaithe | | Gníomh | Toradh an ghnímh | Príomh-chomhp-háirtí | Struchtúr an Chomhoibrithe |
|---|---|---|---|---|---|
| 1.2 | | Gníomhaíochtaí i Straitéis Cultúir & Cruthaitheachta 2023-2027 Chomhairle Cathrach na Gaillimhe a sheachadadh agus a leathnú<br>do phobail áitiúla agus do phobail spéise ar fud na cathrach, le béim ar rannpháirtíocht chuimsitheach, sláinte chruthaitheach agus oideachas. | Maoiniú Éire Ildánach a leithdháileadh ar thionscadail atá ag teacht le tosaíochtaí straitéiseacha: pobail chruthaitheacha, an geilleagar, gníomhú ar son na haeráide, sláinte agus folláine, daoine atá ag dul in aois agus daoine óga.<br>Cláir chruthaitheacha Sláinte & Folláine a chur ar fáil i gcomhpháirtíocht le hÉire Ildánach agus le Gaillimh Shláintiúil. 'Radius Project' de chuid Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh a chomhtháthú chun tacú le rannpháirtíocht chruthaitheach agus le tionscnaimh atá á dtreorú ag an taighde le heagraíochtaí pobail in oirthear na cathrach, lena n-áirítear Bráithre na Carthanachta, Ospís na Gaillimhe, agus Naomh Uinseann de Pól.<br>Comhoibriú le CREW, Údarás na Gaeltachta, TG4, agus OFÁ na Gaillimhe chun cúrsaí creidiúnaithe i dtionscal na cruthaitheachta a fhorbairt a thacaíonn le forbairt scileanna agus conairí fostaíochta. | Comhairle Cathrach na Gaillimhe | Foireann Cultúir & Cruthaitheachta Chomhairle Cathrach na Gaillimhe/Éire Ildánach/Ardán/Cathair Shláintiúil na Gaillimhe |
| 1.3 | | Tionscadail chultúrtha tosaíochta a bhrú chun cinn atá leagtha amach i gClár Caipitil Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2024 - 2026 | Críoch a chur leis an tógáil agus síneadh a chur le Músaem Cathrach na Gaillimhe.<br>Athchóiriú iomlán ar Theach Manse/Amharclann Oileán Altanach<br>Tús a chur le hoibreacha agus feistiú a chur chun cinn i spás cultúrtha Bhóthar na gCeannaithe.<br>Athchóiriú Ionad Ealaíne 47 Sráid Dhoiminic a bhrú chun cinn.<br>Staidéar féidearthachta a dhéanamh do thodhchaí Chaisleán an Léana Bháite.<br>Athchóiriú agus iarfheistiú fuinnimh Amharclann Halla na Cathrach a bhrú chun cinn. | Comhairle Cathrach na Gaillimhe | Fáilte Éireann/DCCS/DHLGH |

| Sprioc Forbartha Inbhuanaithe | | Gníomh | Toradh an ghnímh | Príomh-chomhpháirtí | Struchtúr an Chomhoibrithe |
|---|---|---|---|---|---|
| 1.4 | | Gníomhartha a chur i bhfeidhm faoin bPlean Gníomhaíochta um Gheilleagar Oíche agus Tionscadal INTERREG an AE NITIES (2025 – 2029) | Cuirtear feabhas ar thírdhreach cultúrtha na Gaillimhe san oíche trí chláir chuimsitheacha, trí chomhfhorbairt áite chruthaitheach, agus trí thacaíocht d'ealaíontóirí agus do thaibheoirí áitiúla.<br>Rannpháirtíocht mhéadaithe an phobail i ngníomhaíochtaí cultúrtha le linn na hoíche, rud a chuireann le lár na cathrach atá níos bríomhaire agus níos sábháilte.<br>Comhoibriú idirnáisiúnta a neartú trí thionscadal NITIES lena gcothaítear nuálaíocht i bhforbairt uirbeach oíche agus i bpolasaí cultúrtha.<br>Treisítear clú agus cáil na Gaillimhe mar chathair chruthaitheach chomhoibríoch trí straitéisí geilleagair oíche a thabhairt isteach i gcreatanna pleanála agus forbartha cultúrtha áitiúla. | Comhairle Cathrach na Gaillimhe | INTERREG na hEorpa/Fóram Comhairleach Gheilleagar Oíche na Gaillimhe |
| 1.5 | An stádas atá againn mar chathair dhátheangach a leabú agus tacú leis, agus leanúint de thábhacht na Gaeilge mar acmhainn chultúrtha, phobail agus eacnamaíochta a aithint | Tacú le Plean Teanga Chathair na Gaillimhe a chur i bhfeidhm tríd an nGaeilge a chur chun cinn sa saol poiblí, sa léiriú cultúrtha agus i spásanna dátheangacha. | Rannpháirtíocht mhéadaithe sa Ghaeilge thar gach aoisghrúpa agus leibhéal méadaithe líofachta trí níos mó imeachtaí ar nós Aon Scéal?, Tob-Ghaeltacht, obair dheonach do mhic léinn agus ciorcal comhrá.<br>Forbairt 'Tonnta' mar phríomhfhéile Ghaeilge le tacaíocht ó mhaoiniú inbhuanaithe agus ó chomhpháirtíochtaí straitéiseacha.<br>Feiceálacht agus aitheantas feabhsaithe do sheirbhísí Gaeilge trí chur chun cinn leanúnach an Eolaire Gnó agus feachtas #SeirbhísTríGhaeilge i measc phobal gnó na Gaillimhe.<br>SPÁS a bhunú mar Ionad Cultúrtha Gaeilge ilfheidhmeach, ina gcuirtear spás ar fáil do ghníomhaíochtaí cultúrtha, ealaíne, fiontraíochta agus pobail, le tacaíocht ón staidéar féidearthachta críochnaithe. | Gaillimh le Gaeilge | An Coiste Polasaí Straitéiseach don Ghaeilge/DCCS/Ollscoil na Gaillimhe |

| Sprioc Forbartha Inbhuanaithe | | Gníomh | Toradh an ghnímh | Príomh-chomhpháirtí | Struchtúr an Chomhoibrithe |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Feabhas a chur ar fheasacht an phobail agus ar fheiceálacht na Gaeilge trí fheachtais chumarsáide spriocdhírithe, comharthaíocht dhátheangach, agus comhoibriú le forbróirí agus le Comhairle Cathrach na Gaillimhe maidir le logainmneacha agus caighdeáin chomharthaíochta poiblí. | | |
| 1.6 | | Scéim na Gaeilge agus Acht na dTeangacha Oifigiúla a chur ar fáil chun úsáid laethúil na Gaeilge a chur chun cinn i gCathair na Gaillimhe | Suíomh gréasáin iomlán dátheangach Chomhairle Cathrach na Gaillimhe a choinneáil agus a chinntiú go mbíonn an Ghaeilge san áireamh i ngach píosa cumarsáide agus fógraíochta phoiblí.<br>Seirbhísí ardchaighdeáin Gaeilge a chur ar fáil trí sholáthraithe aistriúcháin faofa agus úsáid mhéadaithe na Gaeilge i gcruinnithe na Comhairle nuair is cuí.<br>Oiliúint Ghaeilge a chur ar fáil don fhoireann agus do chomhaltaí tofa, lena n-áirítear modúil i seirbhís do chustaiméirí chun rannpháirtíocht éifeachtach líne thosaigh a fheabhsú.<br>Líon na mball foirne a bhfuil Gaeilge acu a mhéadú chun gealltanais Chathair Ghaeltachta agus Bhaile Seirbhíse a chomhlíonadh.<br>Dul chun cinn a dhéanamh i dtreo inniúlacht 20% sa Ghaeilge ar fud na heagraíochta faoi 2030, ag tacú le húsáid laethúil na Gaeilge sa saol cathrach agus poiblí. | Comhairle Cathrach na Gaillimhe | An Coiste Polasaí Straitéiseach don Ghaeilge/Gaillimh le Gaeilge |
| 1.7 | Na hearnálacha cultúrtha, cruthaitheacha agus oideachais a neartú agus leas a bhaint astu chun deiseanna nua infheistíochta, tráchtálaithe agus comhoibrithe a mhealladh | Éiceachóras nuálaíochta cruthaitheach na Gaillimhe a neartú trí chomhoibriú idirnáisiúnta, claochlú digiteach agus braisliú earnála | Ainmníodh Gaillimh mar Chathair Chruthaitheach Scannán UNESCO chun comhpháirtíochtaí agus infheistíocht idirnáisiúnta a mhealladh.<br>Cruinniú Mullaigh Cluichí Fís agus Gorlann Tallainne Chluichí na hÉireann a sheachadadh chun tacú le fiontair chruthaitheacha atá ag teacht chun cinn. Braisliú agus comhoibriú méadaithe ar fud na n-earnálacha scannán, teicneolaíochta thumthach agus forbartha cluichí. | Ardán/Comhairle Cathrach na Gaillimhe | Fís Éireann/CREW/ OTA/WRAP/ Líonra Cathracha Cruthaitheacha UNESCO |

| Sprioc Forbartha Inbhuanaithe | | Gníomh | Toradh an ghnímh | Príomh-chomhpháirtí | Struchtúr an Chomhoibrithe |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Tá Gaillimh in áit mhaith mar mhol Eorpach um nuálaíocht chruthaitheach trí rannpháirtíocht i dtionscadail trasteorann agus i líonra an AE.<br>Feiceálacht agus tráchtálú IP cruthaitheach feabhsaithe trí imeachtaí, taispeántais agus cláir luathaithe | | |
| 1.8 | | Cuspóirí Straitéis Cultúir & Cruthaitheachta Chathair na Gaillimhe 2023-2027 a chur chun cinn | Tionchar "The Air We Share" a mhéadú trí thorthaí an tionscadail a chur i láthair ag comhdhálacha, siompóisiamaí agus imeachtaí poiblí, ag spreagadh comhrá níos leithne ar ghníomhaíocht chruthaitheach ar son na haeráide.<br>Tionscnaimh oidhreachta a chur ar fáil sa Taobh Thiar a thógann ar chuspóirí straitéiseacha "The Air We Share", ag cur freagairtí cruthaitheacha aeráide i bhforbairt pobail áitiúil agus i gcomhfhorbairt áite i bhfeidhm.<br>Ardán líonraithe tiomnaithe a bhunú don earnáil chruthaitheach agus chultúrtha chun comhoibriú a chothú agus deiseanna nua a aithint. | Comhairle Cathrach na Gaillimhe | Ollscoil na Gaillimhe/Ionad Acmhainní an Taoibh Thiar/Ionad Ealaíne na Gaillimhe/Oifig Fiontair Áitiúil na Gaillimhe |
| 1.9 | | Cuspóirí comhaontaithe a sheachadadh mar chomhpháirtithe áitiúla faoi thionscadal náisiúnta agus trasteorann "Oileán Roinnte" | D'éirigh le cláir chultúrtha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe ailíniú a dhéanamh le tionscnamh an Oileáin Roinnte, ag cur comhoibriú trasteorann cuimsitheach i bhfeidhm a rinne ceiliúradh ar chomhoidhreacht, a d'oibrigh leis an óige, agus a neartaigh naisc phobail trí thionscadail chruthaitheacha. | Comhairle Cathrach na Gaillimhe | Roinn an Taoisigh/Éire Ildánach |

| Sprioc Forbartha Inbhuanaithe | | Gníomh | Toradh an ghnímh | Príomh-chomhpháirtí | Struchtúr an Chomhoibrithe |
|---|---|---|---|---|---|
| 1.10 | | Feiceálacht phíblíne tallainne chruthaitheach na Gaillimhe a mhéadú agus comhoibriú tríú leibhéal agus tionscail a neartú chun tacú le hinfheistíocht agus nuálaíocht | Feiceálacht na tallainne cruthaithí a thagann as cláir tríú leibhéal a fheabhsú agus feasacht mhéadaithe ar thionscnaimh chomhoibríocha leis an tionscal a fheabhsú.<br>Leithdháileadh maoinithe ar thionscnaimh tríú leibhéal a chuireann infheistíochtaí, tráchtálú agus comhoibriú trasearnála chun cinn.<br>Forbairt in aice láimhe a chomhordú in oirthear na cathrach chun sraith chomhtháite áiseanna oideachais/oiliúna agus taighde, acmhainní, cláir agus tionscnaimh a fhorbairt don earnáil chruthaitheach. | OTA na Gaillimhe | BOOGR/CREW |
| 1.11 | | Comhpháirtíocht fhoirmiúil a bhunú le Coimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) chun tacú le hinfheistíocht i bhfiontair chruthaitheacha na Gaillimhe | Comhoibriú straitéiseach le WDC chun leas a bhaint as a chiste infheistíochta agus a acmhainní ar mhaithe le hearnáil chruthaitheach na Gaillimhe.<br>Líon spriocdhírithe fiontair chruthaitheacha i gCathair na Gaillimhe a aithint agus infheistíocht a dhéanamh iontu.<br>Éiceachóras nuálaíochta réigiúnach a neartú trí mhaoiniú comhordaithe agus trí thacaíocht don fhiontraíocht chruthaitheach. | Coimisiún Forbartha an Iarthair | Comhairle Cathrach na Gaillimhe/CREW/ Oifig Fiontair Áitiúil na Gaillimhe |

# Cuspóir Ardleibhéil 2 – cathair nuálach



# Cuspóir Ardleibhéil 2 - cathair nuálach



| Sprioc Forbartha Inbhuanaithe | | Gníomh | Toradh an ghnímh | Príomh-chomhpháirtí | Struchtúr an Chomhoibrithe |
|---|---|---|---|---|---|
| 2.1 | Éiceachóras a fhorbairt, a spreagadh agus a chruthú don nuálaíocht agus don fhiontraíocht, lena n-áirítear fiontar pobail/sóisialta atá inbhuanaithe ó thaobh na timpeallachta de | Tacú le forbairt an chéad Phlean Fiontraíochta Réigiúnach Iarthair eile trí rannpháirtíocht ghníomhach agus ionchur straitéiseach. Ag teacht le tosaíochtaí nuálaíochta, fiontraíochta agus inbhuanaitheachta Chathair na Gaillimhe | Cuireann Comhairle Cathrach na Gaillimhe le dearadh agus tosaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí i bPlean Fiontraíochta Réigiúnach an Iarthair.<br>Léirítear riachtanais nuálaíochta agus fiontraíochta áitiúla sa straitéis réigiúnach, lena n-áirítear tionscail chruthaitheacha, fiontar sóisialta, agus tionscnaimh an gheilleagair ghlais.<br>Comhoibriú neartaithe le páirtithe leasmhara réigiúnacha.<br>Comhréiteach feabhsaithe idir gníomhaíochtaí an PÁEP agus tosaíochtaí REP, lena gcumasaítear teacht ar shruthanna maoinithe amhail Réigiúin Chliste, InterTradeIreland agus Horizon Europe.<br>Feiceálacht mhéadaithe ar ról Chathair na Gaillimhe i bhforbairt eacnamaíoch réigiúnach agus i gceannaireacht nuálaíochta. | Comhairle Cathrach na Gaillimhe | Coiste Stiúrtha Phlean Fiontair Réigiúnach an Iarthair |
| 2.2 | | Tacú le fiontair atá bunaithe ar an nuálaíocht a fhorbairt i gCathair na Gaillimhe trí chláir Fhiontraíocht Éireann agus trí thionscnaimh ghaolmhara | Tacú le gnólachtaí nuathionscanta nuálacha a fhorbairt i gCathair na Gaillimhe trí chláir ar nós New Frontiers, maoiniú tráchtálaithe, agus cláir luathaithe le fócas ar earnálacha amhail an intleacht shaorga, teicneolaíocht na sláinte agus tionscail Dhigiteacha Chruthaitheacha.<br>Forbairt acmhainne i bhfiontair na Gaillimhe a chumasú lena n-áirítear scálú trí dheiseanna a chuireann cláir chistiúcháin réigiúnacha ar fáil, lena n-áirítear clár na Réigiún Cliste. | Fiontraíocht Éireann | Éiceachóras WE 2 |

| Sprioc Forbartha Inbhuanaithe | | Gníomh | Toradh an ghnímh | Príomh-chomhpháirtí | Struchtúr an Chomhoibrithe |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Ról na Gaillimhe san éiceachóras nuálaíochta náisiúnta a neartú trí theacht ar Dhearbháin Nuálaíochta agus ar mhaoiniú na Comhpháirtíochta Nuálaíochta a leathnú, agus trí chomhoibriú acadúil agus forbairt bhraisle a chothú. | | |
| 2.3 | | Tacú le forbairt an gheilleagair shóisialta agus chiorclaigh | Oiriúnú don gheilleagar ciorclach a spreagadh trí chomhoibriú a chothú idir fiontair, comhlachtaí poiblí, tionscail agus institiúidí ardoideachais, agus trí theacht ar líonraí gnó a mhéadú do nuálaíocht sóisialta agus d'fhiontraíocht.<br>Mol tiomnaithe cothaithe a bhunú do ghnólachtaí nuathionscanta agus scálaithe atá dírithe ar an ngeilleagar sóisialta, ag cur tacaíochtaí agus spás saincheaptha ar fáil don nuálaíocht agus don fhás.<br>Tacaíocht mheantóireachta agus oiliúna a leathnú trí fhorbairt Bizmentor.<br>Claochlú digiteach a chur chun cinn sa gheilleagar sóisialta trí Straitéis Dhigiteach d'Fhiontair Shóisialta a chur i bhfeidhm, rud a chumasaíonn glacadh le huirlisí digiteacha le haghaidh oibríochtaí, margaíocht agus seachadadh seirbhíse.<br>Tionscnaimh faoi stiúir an WDC chun maoiniú a fháil ón AE agus nuálaíocht sa gheilleagar ciorclach atá comhtháite in iarrachtaí comhoibrithe réigiúnacha a chur chun cinn, ag tacú le forbairt fiontair agus spriocanna inbhuanaitheachta. | Comhpháirtí-ocht Chathair na Gaillimhe/Ion-ad Fiontar SCCUL | Comhairle Cathrach na Gaillimhe/CFPÁ/ WDC |
| 2.4 | | An t-ardán "Innovatex" a leathnú agus a scálú tríd an gclár 'Pathway to Innovate' a chur i bhfeidhm | Cuireadh clár 'Pathway to Innovate' i ngníomh mar chatalaíoch nuálaíochta réigiúnach a ligeann do FBManna teacht ar cheardlanna, diagnóisic agus tacaíocht éiceachórais faoi stiúir na saineolaithe.<br>Cuirfidh Platform94 agus comhpháirtithe réigiúnacha meantóireachta, treoir mhaoinithe agus oiliúint T&F ar fáil chun cumas nuálaíochta a fhorbairt. | Platform 94 | Malartú Nuálaíochta Skillnet |

| Sustainable Development Objective | | Action | Action Outcome | Lead Partner | Collaboration Structure |
|---|---|---|---|---|---|
| 2.4 | | | Déanann SCALE le Platform94, i gcomhpháirtíocht le Fiontraíocht Éireann, ceannairí scálaithe a nascadh ar fud an iarthair agus an iarthuaiscirt le tacaíochtaí idirnáisiúnta, deiseanna comhoibrithe idir piaraí, comhpháirtithe domhanda agus acmhainní chun nuálaíocht a chothú.<br>Aithníodh agus saothraíodh maoiniú nuálaíochta chun tacú le céimeanna breise d'fhorbairt éiceachórais, ag baint leas as cláir náisiúnta amhail Malartú Nuálaíochta Skillnet.<br>Neartaíodh cumas nuálaíochta FBManna trí chomhoibriú le saineolaithe gnó agus teacht ar léargais ón bhfíorshaol agus uirlisí praiticiúla. | | |
| 2.5 | | Comhstraitéis Forbartha Eacnamaíochta a ullmhú agus a chur i bhfeidhm do limistéir riaracháin Chathair na Gaillimhe agus Chontae na Gaillimhe | Comhoibriú réigiúnach agus fís eacnamaíoch roinnte a neartú ar fud Chathair na Gaillimhe agus Chontae na Gaillimhe. Comhréiteach feabhsaithe tacaíochtaí fiontair, infheistíocht bonneagair, agus tionscnaimh nuálaíochta.<br>Acmhainn mhéadaithe chun maoiniú, tallann agus infheistíocht a mhealladh trí chur chuige réigiúnach comhaontaithe. Déantar acmhainn thionsclaíoch i gCathair na Gaillimhe a chothú agus a leathnú trí phríomhláithreáin a fhorbairt go straitéiseach agus trí phleanáil chomhordaithe le Comhairle Chontae na Gaillimhe, ag tacú le fás agus infheistíocht eacnamaíoch réigiúnach. | Comhairle Cathrach na Gaillimhe/ Comhairle Chontae na Gaillimhe | Comhchoiste Beartais Straitéisigh um Fhorbairt Uirbeach na Cathrach & an Chontae |
| 2.6 | | Comhstraitéis Miondíolacháin Chathair na Gaillimhe a thabhairt chun críche chomh maith le limistéar MASP | Creat forbartha miondíola comhordaithe a thacaíonn le fás eacnamaíoch inbhuanaithe, le comhfhorbairt áite agus le pleanáil don todhchaí.<br>Oibriú le Comhairle Chontae na Gaillimhe chun dréacht a chur i láthair don Chomh-SPC agus chun a chinntiú go nglacfaidh an dá Chomhairle leis.<br>Oibriú leis an Oifigeach Geilleagair Oíche chun a chinntiú go gcuirtear gníomhartha pleanála an Phlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Oíche i bhfeidhm. | Comhairle Cathrach na Gaillimhe/Co-mhairle Chontae na Gaillimhe | Comhchoiste Beartais Straitéisigh um Fhorbairt Uirbeach na Cathrach & an Chontae |

| Sustainable Development Objective | | Action | Action Outcome | Lead Partner | Collaboration Structure |
|---|---|---|---|---|---|
| 2.7 | | Comhoibriú straitéiseach a neartú le hOllscoil na Gaillimhe chun Nuálaíocht Uirbeach, Gníomhú ar son na hAeráide agus Fás Uilechuimsitheach a chur chun cinn | Nuálaíocht uirbeach a chur chun cinn trí chomhfhorbairt a dhéanamh ar Cheantar Nuálaíochta Oileán Altanach agus ar bhonneagar cultúrtha.<br>Borradh a chur faoi ghníomhú ar son na hAeráide trí thionscadail chomhoibríocha amhail WATERWAY agus cláir phíolótacha maidir le fuinneamh in-athnuaite amhail SH2AMROCK.<br>Fás Uilechuimsitheach a chur chun cinn trí úsáid a bhaint as taighde ollscoile chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shóisialta.<br>Rannpháirtíocht an phobail i bpleanáil fhadtéarmach a fheabhsú trí thionscnaimh amhail Cairt Mhórcheantar na Gaillimhe. | Ollscoil na Gaillimhe/ Comhairle Cathrach na Gaillimhe | SPC Forbairt Uirbeach/Fóram Mhórcheantar na Gaillimhe |
| 2.8 | Spiorad na cruthaitheachta, na nuálaíochta agus na fiontraíochta a chothú | Leanúint de thacú le CREW chun grúpa cruthaitheach agus éiceachóras nuálaíochta na Gaillimhe a fhorbairt, agus béim á leagan ar thráchtálú, idirnáisiúnú agus forbairt chuimsitheach tallainne | Cláir spriocdhírithe a chur ar fáil (mar shampla CLIMB, Gorlann Tallaine Chluichí na hÉireann, agus Taispeántais Easpórtála Cruthaitheacha) chun tacú le scálú, tráchtálú agus teacht ar an margadh idirnáisiúnta.<br>Infheistíocht mhéadaithe i maoin intleachtúil cruthaitheach trí thionscnaimh amhail Ciste WRAP, Cruinnithe Mullaigh FÍS, agus imeachtaí Chathair Scannán UNESCO.<br>Bealaí nuálaíochta cuimsitheacha do chruthaitheoirí faoi thearcionadaíocht, lena n-áirítear saotharlanna ábhar dátheangach agus micridheontais.<br>Comhpháirtíochtaí neartaithe idir páirtithe leasmhara oideachais, fiontraíochta agus cultúrtha chun nuálaíocht a chothú agus coinneáil tallainne a fheabhsú.<br>Rannpháirtíocht leanúnach i dtionscadail arna maoiniú ag an AE agus i gcomhpháirtíochtaí cruthaitheacha idirnáisiúnta.<br>Tacú le CREW trí thionscnaimh cosúil le EDGE26 – Cruinniú Mullaigh na hÉireann maidir leis an nGeilleagar Cruthaitheach, a chuireann Gaillimh agus réigiún an Iarthair agus an Iarthuaiscirt i gcoitinne mar áiteanna a bhfuil deiseanna cruthaitheacha agus eacnamaíocha ag baint leo | Galway City Council / Galway County Council | Joint City & County SPC |

| Sustainable Development Objective | | Action | Action Outcome | Lead Partner | Collaboration Structure |
|---|---|---|---|---|---|
| 2.9 | | Nuálaíocht agus inbhuanaitheacht FBManna a chumhachtú trí chláir spriocdhírithe a chur ar fáil ag Oifig Fiontair Áitiúil na Gaillimhe | 'Design Mingle' agus ardáin líonraithe atá cosúil leis a chur ar fáil chun comhoibriú a chothú i measc fiontraithe ceardaíochta, dearaidh agus cruthaitheacha.<br>Clár píolótach a chur i bhfeidhm chun cabhrú le gnólachtaí áitiúla teicnící airgid agus próisis dhigiteacha a ghlacadh chun iomaíochas agus brabúsacht a fheabhsú.<br>Ciste Claochlaithe Glas & Digiteach a sheoladh do mhicrifhiontair agus d'fhiontair bheaga chun cabhrú leo aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin.<br>Tacaíochtaí d'fhiontair shóisialta atá ag obair in earnálacha cruthaitheacha agus cultúrtha a leathnú, le teacht ar ghnáthchláir LEO agus ar thionscnaimh spriocdhírithe chun acmhainní a fhorbairt.<br>Cur ar chumas gnólachtaí cruthaitheacha teacht ar mhaoiniú, ar líonraí infheisteoirí, agus ar thacaíochtaí forbartha easpórtála trí ghníomhaíochtaí struchtúrtha LEO agus trí chomhoibriú le comhpháirtithe. | Oifig Fiontair Áitiúil | SPC Forbartha Uirbí/Éire Ildánach |
| 2.10 | | Tionscnaimh AEC a chur chun cinn i gCathair na Gaillimhe trí Mhoil Nasctha a leathnú, tacú le forbairt fiontraíochta, agus nuálaíocht agus tarraingt tallainne a chur chun cinn i gcomhar le WDC agus AECO | Rannpháirtíocht a mhéadú le moil atá lonnaithe i nGaillimh trí imeachtaí, meantóireacht, agus tacaíocht fiontraíochta atá ag teacht le Straitéis na Mol Náisiúnta.<br>Comhoibriú le WDC chun tacaíochtaí fiontraíochta na Gaillimhe a mhapáil go digiteach agus chun bearnaí agus deiseanna do FBManna a aithint.<br>Gaillimh a chur chun cinn mar cheann scríbe don nuálaíocht agus don chianobair trí fheachtais ar nós "Local Living, Global Opportunities".<br>Oibriú leis an Oifigeach Leathanbhanda chun cláir scileanna digiteacha a chur ar fáil agus chun tacú le tionscnaimh maidir le háit chliste.<br>Dul i mbun Chlár Rannpháirtíochta na hEorpa de chuid WDC chun maoiniú ón AE a aithint agus chun tionscadal digiteach glas a chomhfhorbairt.<br>Clár na Cathrach Nuálaíche a fhorbairt agus a leathnú tuilleadh chun nuálaíocht, cruthaitheacht agus forbairt eacnamaíoch inbhuanaithe a chothú i gCathair na Gaillimhe. | Comhairle Cathrach na Gaillimhe | Líonra Chonair Eacnamaíochta an Atlantaigh/Moil Nasctha |

| Sprioc Forbartha Inbhuanaithe | | Gníomh | Toradh an ghnímh | Príomh-chomhpháirtí | Struchtúr an Chomhoibrithe |
|---|---|---|---|---|---|
| 2.11 | | Scéim chun Aghaidh Siopaí a Fheabhsú a chur i bhfeidhm i gcomhréir le polasaí | Tarraingt amhairc fheabhsaithe na limistéar tráchtála.<br>Líon méadaithe custaiméirí agus beocht mhéadaithe gnó.<br>Tacaíocht do dhearadh inbhuanaithe agus íogair ó thaobh na hoidhreachta de. | Comhairle Cathrach na Gaillimhe | SPC Forbartha Uirbí |
| 2.12 | An claochlú digiteach agus glas a chur chun cinn trí fhiontar agus infheistíocht atá inbhuanaithe agus cuimsitheach ó thaobh na timpeallachta de a chur chun cinn inár gcathair chliste | Speisialtóireacht chliste i bhfuinneamh in-athnuaite a chur chun cinn trí shócmhainní nádúrtha agus fisiceacha na Gaillimhe a threisiú, tacú le nuálaíocht, agus comhoibriú réigiúnach a chumasú | Leanúint d'fhorbairt mol iompair hidrigine ilmhódach a chur chun cinn i nGaillimh mar chuid de chuibhreannas SH2AMROCK (Ollscoil na Gaillimhe).<br>Leanúint de na ceaduithe pleanála cuí agus na ceadaithe eile a theastaíonn a chur chun cinn le haghaidh athlonnú agus leathnú Chalafort na Gaillimhe a chumasú.<br>Leanúint de ghníomhaíochtaí ábhartha laistigh de thionscadal píolótach NetZeroCities i gCathair na Gaillimhe. | Cuideacht a Chalafort na Gaillimhe | Fóram Mhórcheantar na Gaillimhe |
| 2.13 | | An Plean Forbartha Eispéireas Ceann Scríbe (DEDP) a chur i bhfeidhm do Chathair na Gaillimhe chun bonneagar inbhuanaithe turasóireachta, brandáil agus feiceálacht idirnáisiúnta a fheabhsú | Suíomh nua turasóireachta a chur ar fáil i gCathair na Gaillimhe chun branda na cathrach a chur chun cinn agus chun rannpháirtíocht cuairteoirí a fheabhsú.<br>Baineann Cathair na Gaillimhe agus Biúró Choinbhinsiúin na Gaillimhe an 25ú rangú domhanda is fearr amach sa GDSI, rud a léiríonn ceannaireacht sa turasóireacht inbhuanaithe.<br>Tascfhórsa a bhunú chun comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta na Gaillimhe a neartú agus chun taidhleoireacht turasóireachta a threisiú ar mhaithe le leas an phobail agus an gheilleagair.<br>Comhtháthú phrionsabail na turasóireachta cliste, glaise agus nasctha thar taitneamhachtaí nua agus reatha, ag teacht le spriocanna DEDP agus GDSI. | Fáilte Éireann | Grúpa Forfheidhmithe DEDP/SPC Forbairt Turasóireachta |

| Sprioc Forbartha Inbhuanaithe | | Gníomh | Toradh an ghnímh | Príomh-chomhpháirtí | Struchtúr an Chomhoibrithe |
|---|---|---|---|---|---|
| 2.14 | | Forbairt a dhéanamh ar thairiscint turasóireachta Chathair na Gaillimhe chun bonneagar inbhuanaithe turasóireachta agus eispéiris cuairteoirí a chur ar fáil | Dul chun cinn leanúnach ar chéimeanna dearaidh agus forbartha Mhol Taitneamhachta na nOibreacha Uisce chun tacú le bonneagar inbhuanaithe turasóireachta a chur ar fáil.<br>Céim forbartha tionscadail na hOifige Turasóireachta, An Fhaiche Mhór a chur chun cinn agus béim á cur ar sheirbhísí cuairteoirí a fheabhsú agus ar chur le straitéis turasóireachta na cathrach.<br>Príomhthionscnaimh chomhfhorbartha áite a chur ar fáil faoin<br>gclár Bailte Ceann Scríbe agus faoin tionscadal Beochta Uirbí, rud a chuirfidh feabhas ar an réimse poiblí agus ar eispéireas cuairteoirí i mBarr an Chalaidh.<br>Tascfhórsa tiomnaithe bunaithe i gcomhar le príomhpháirtithe ar fud Chathair na Gaillimhe chun caidreamh idirnáisiúnta a neartú agus chun buntáistí a fheabhsú don phobal áitiúil.<br>Forbraíodh roinnt taitneamhachtaí nua, agus tacaíodh le féile agus imeachtaí. | Comhairle Cathrach na Gaillimhe | SPC Forbartha Turasóireachta |
| 2.15 | | Páirt a ghlacadh i bhFóram Cathracha Cliste Uile-Éireann<br>chun deiseanna comhoibríocha a aithint agus tacú le tionscnaimh Cathracha Cliste a chur ar fáil | Comhréiteach neartaithe idir spriocanna áitiúla um chlaochlú digiteach agus tionscnaimh náisiúnta cathracha cliste.<br>Acmhainn fheabhsaithe chun seirbhísí sonraí-tiomáinte a chur ar fáil trí chomhoibriú agus trí fhoghlaim chomhroinnte.<br>Comhpháirtíocht Taighde 'Cathair Chliste' a bhunú le hOllscoil na Gaillimhe.<br>Tionscadail phíolótacha a aithint agus a chur i bhfeidhm i réimsí amhail soghluaisteacht, éifeachtúlacht fuinnimh, ionchuimsiú digiteach, agus nuálaíocht sa tseirbhís phoiblí.<br>Tacaíocht don Oifigeach Leathanbhanda maidir le sruthanna maoinithe náisiúnta agus AE a ghiaráil chun bonneagar digiteach agus nascacht a leathnú.<br>Straitéis dhigiteach nua a fhorbairt do Chathair na Gaillimhe. | Comhairle Cathrach na Gaillimhe | Atlantic Economic Corridor Network / Connected Hubs |

| Sprioc Forbartha Inbhuanaithe | | Gníomh | Toradh an ghnímh | Príomh-chomhpháirtí | Struchtúr an Chomhoibrithe |
|---|---|---|---|---|---|
| 2.16 | | Infheistíocht i nGaillimh a mhealladh agus a mhéadú ar fud na bpríomhearnálacha fáis<br>- Digiteáil, Intleacht Shaorga, Leathsheoltóirí, Sláinte agus Inbhuanaitheacht | Seasamh na Gaillimhe mar mhol don nuálaíocht dhigiteach agus inbhuanaithe a fheabhsú trí thacú le cliantchuideachtaí reatha an GFT a sainorduithe suímh a leathnú trí réiteach digiteála agus inbhuanaitheachta a thabhairt le chéile.<br>Díriú ar dheiseanna nua infheistíochta atá ag teacht le straitéis 2025-2029 IDA Éireann agus le tosaíochtaí náisiúnta, lena n-áirítear earnálacha amhail nuálaíocht sláinte, teicneolaíocht an airgeadais, gaoth amach ón gcósta, agus hidrigin ghlas. | GFT Éireann | Coiste Stiúrtha Phlean Fiontair Réigiúnach an Iarthair |
| 2.17 | | Energy West a bhunú agus tacú leis mar ghrúpa comhairleach réigiúnach chun aistriú fuinnimh atá cóir agus cuimsitheach a bhrú chun cinn in Iarthar na hÉireann | Energy West bunaithe mar ardán comhoibríoch chun guthanna áitiúla a mhéadú agus chun polasaí fuinneamh glan a mhúnlú.<br>Rannpháirtíocht mhéadaithe an phobail i bpleanáil agus nuálaíocht fuinneamh glan.<br>Seasmhacht fuinneamh réigiúnach a neartú trí phleanáil straitéiseach agus trí léargas a roinnt.<br>Comhoibriú feabhsaithe idir páirtithe leasmhara poiblí, príobháideacha, acadúla agus pobail chun acmhainneacht fuinneamh glan a chumasú. | Ceantar Nuálaíocht a Chathair na Gaillimhe/ PorterShed | Éiceachóras WE 2 |
| 2.18 | | Dlús a chur le teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus nuálaíocht dhigiteach i measc gnólachtaí áitiúla trí chomhchláir, trí mheantóireacht agus trí thacaíochtaí maoinithe | Méadú suntasach ar líon na ngnólachtaí áitiúla a úsáideann uirlisí agus ardáin dhigiteacha.<br>Féilire leathnaithe imeachtaí oideachais, seisiúin phiarfhoghlama, agus deiseanna líonraithe do FBManna, gnólachtaí nuathionscanta agus lucht méadaithe.<br>Rannpháirtíocht ghníomhach bhaill Chumann Tráchtála na Gaillimhe i dtionscnaimh maidir le cathracha cliste agus claochlú digiteach. | Oifig Fiontair Áitiúil | Aonad Forbartha Geilleagraí agus Coiste Fiontair Chumann Tráchtála na Gaillimhe |

# Cuspóir Ardleibhéil 3 – cathair chothrom agus chuimsitheach





## Cuspóir Ardleibhéil 3 — cathair chothrom agus chuimsitheach



| Sprioc Forbartha Inbhuanaithe | | Gníomh | Toradh an ghnímh | Príomh-chomhpháirtí | Struchtúr an Chomhoibrithe |
|---|---|---|---|---|---|
| 3.1 | Bochtaineacht a laghdú agus míbhuntáiste a mhaolú trí chláir agus trí thionscnaimh chuí agus spriocdhírithe ionchuimsithe shóisialta agus forbartha pobail | Leanúint ar aghaidh ag díriú ar thionscnaimh agus ar mhaoiniú do phobail faoi mhíbhuntáiste a aithníodh i gclár SICAP 2024-2028 | Gníomhartha ionchuimsithe sóisialta a chur i bhfeidhm laistigh de Chlár SICAP agus pleananna gníomhaíochta comhaontaithe a chur i gcrích agus KPInna comhaontaithe SICAP a bhaint amach.<br>Níos mó acmhainní a dhíriú ar dhreamanna faoi mhíbhuntáiste agus ar spriocghrúpaí aontaithe.<br>Tacú le cur i bhfeidhm na ngníomhartha a aithníodh in Anailís ar Riachtanais Phobail an Bhaile Bháin. | Comhphái-rtíocht Chathair na Gaillimhe/ Fiontair SCCUL | Comhairle Cathrach na Gaillimhe/CFPÁ/ Tascfhórsa an Bhaile Bháin |
| 3.2 | | Acmhainní agus maoiniú a dhíriú ar cheantair agus ar ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste chun cur le seachadadh seirbhíse áitiúil agus tionscnaimh phobail | Scéimeanna maoinithe spriocdhírithe a chur ar fáil lena n-áirítear an Clár Feabhsúcháin Áitiúil, maoiniú CAIRDE. An t-ioncam atá ar fáil chun tacú le gníomhaíocht agus seirbhísí pobail a uasmhéadú i gcomhréir le cuspóirí an PÁEP.<br>Oibriú i gcomhpháirtíocht leis an Earnáil Dheonach agus Phobail chun maoiniú inbhuanaithe fadtéarmach a fháil. | Comhairle Cathrach na Gaillimhe | CFPÁ/DRCDG |
| 3.3 | | Ullmhú do shochaí aoisbháúil trí nascacht phobail, ionchuimsiú sóisialta, inrochtaineacht agus sláinte agus folláine a chur chun cinn | Gníomhartha a chur i bhfeidhm i Straitéis Aoisbháúil na Gaillimhe 2026 – 2030.<br>Clár na dTithe Sláintiúla a Thacaíonn le Daoine Breacaosta a sheachadadh go leanúnach chun cur ar chumas daoine breacaosta leanúint de bheith ina gcónaí ina dtithe féin nó i dteach atá níos oiriúnaí dá riachtanais. | Comhairle Cathrach na Gaillimhe | Aoisbhá Éireann/Comhairle na nDaoine Breacaosta/Comhaontas Aoisbhá/Rochtain do Chách |

| Sprioc Forbartha Inbhuanaithe | | Gníomh | Toradh an ghnímh | Príomh-chomhpháirtí | Struchtúr an Chomhoibrithe |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Foireann Idir-Rannach a Thacaíonn le Daoine Breacaosta a bhunú i gCathair na Gaillimhe chun straitéisí agus gníomhaíochtaí pleanála, bonneagair agus forbartha pobail a sheasfaidh an aimsir a chur i bhfeidhm do dhaonra atá ag dul in aois. | | |
| 3.4 | Aghaidh a thabhairt ar mhíbhuntáiste oideachais agus tosaíocht a thabhairt do riachtanais na bpobal atá thíos leis an eisiamh | Leanúint de sholáthar clár oideachais pobail agus deiseanna oideachais a mhéadú do phobail imeallaithe | Cláir Cheannaireachta Pobail a chur ar fáil chun cur le héifeachtacht comhlachtaí pobail chun dul i dteagmháil lena bpobail féin.<br>Deiseanna méadaithe oideachais dóibh siúd is lú seans go rachaidh siad ar aghaidh chuig an bhfoghlaim fhoirmiúil.<br>Rochtain mhéadaithe ar an mBéarla do Chainteoirí Teangacha Eile (ESOL), lena n-áirítear feidhmiú céimneach QQI Leibhéal 1 & 2 ESOL.<br>Rannpháirtíocht mhéadaithe grúpaí faoi thearcionadaíocht, lena n-áirítear iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta, dídeanaithe, grúpaí inimirceacha leochaileacha agus Lucht Siúil na hÉireann in oideachas tríú leibhéal tríd an gclár Universities of Sanctuary.<br>Gréasán tacaíochta litearthachta níos comhtháite, cosáin atreoraithe cuíchóirithe, agus rochtain mhéadaithe ar litearthacht, uimhearthacht, agus scileanna digiteacha do dhaoine fásta a bhfuil míbhuntáistí oideachais acu, trí rannpháirtíocht leis an gComhghuaillíocht Réigiúnach Litearthachta d'Aosaigh.<br>Bearnaí i soláthar seirbhísí ESOL a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu, le linn an tsamhraidh ach go háirithe. | Galway City Partnership / GRETB / Galway Childcare Committee / Ardán / Café Link Galway | Galway City Council / LCDC / Intreo / EmployAbility Galway / WorkAbility / GCP / SOLAS |

| Sprioc Forbartha Inbhuanaithe | | Gníomh | Toradh an ghnímh | Príomh-chomhpháirtí | Struchtúr an Chomhoibrithe |
|---|---|---|---|---|---|
| 3.5 | | Rochtain bhreise ar oideachas agus oiliúint scileanna a chur ar fáil chun tacú le pobail imeallaithe | Líonra Idirghníomhaireachta a bhunú chun tacú le riachtanais daoine atá dífhostaithe nó daoine a bhfuil bunioncam íseal acu agus/nó atá i bhfostaíocht neamhbhuan.<br>Soláthróidh an Clár Bealaí Cuimsitheacha chun Fostaíochta WorkAbility bealaí forásacha isteach san fhostaíocht (lena n-áirítear féinfhostaíocht) trí oideachas, oiliúint, forbairt scileanna, agus tacaíochtaí in-oibre do dhaoine faoi mhíchumas bunaithe ar a gcuid riachtanas, a gcumas agus a n-acmhainneacht.<br>Glacadh níos mó le cúrsaí chun infhostaitheacht a fheabhsú trí SICAP.<br>Soláthar méadaithe cúrsaí litearthachta digití agus cláir taithí oibre d'imircigh.<br>Cúrsaí oiliúna scileanna-bhunaithe, lena n-áirítear oiliúint barista, agus clár oiliúna cúram sláinte agus seomra íonghlan a dhíríonn ar an Lucht Siúil.<br>Clár Spreagtha Printíseachta don Lucht Siúil a chur chun cinn i measc an Lucht Siúil agus fostóirí a spreagadh go réamhghníomhach chun páirt a ghlacadh.<br>Cláir fóirdheontais cúram leanaí a ghlacadh do thuismitheoirí atá ag filleadh ar oideachas nó ar obair.<br>Cur ar chumas an Lucht Siúil agus pobail faoi thearcionadaíocht obair scannán agus teilifíse a léiriú trí fhorbairt tallainne, meantóireacht agus tacaíocht dhíreach.<br>Deiseanna fostaíochta cuimsitheacha agus oiliúint i scileanna caifé a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas intleachta trí chlár Café Link an Bhaile Bháin. | Comhpháirtí-ocht Chathair na Gaillimhe/BOOGR/Coiste Cúram Leanaí na Gaillimhe/A-rdán/Café Link na Gaillimhe | Comhairle Cathrach na Gaillimhe/CFPÁ/Int-reo/EmployAbility Gaillimh/WorkAbility/GCP/SOLAS |


| Sprioc Forbartha Inbhuanaithe | | Gníomh | Toradh an ghnímh | Príomh-chomhpháirtí | Struchtúr an Chomhoibrithe |
|---|---|---|---|---|---|
| 3.6 | | Leanúint ar aghaidh ag cur obair dheonach chun cinn mar bhealach chun scileanna, taithí agus muinín a fháil | Ionad Oibrithe Deonacha na Gaillimhe a bhogadh go foirgneamh níos mó i lár na cathrach, agus deiseanna méadaithe ann chun cabhrú le heagraíochtaí a bhfuil baint acu le hoibrithe deonacha.<br>Úsáid fhoirgneamh Ionad Oibrithe Deonacha na Gaillimhe mar spás imeachtaí pobail d'eagraíochtaí neamhbhrabúis agus carthanachta agus do ghrúpaí áitiúla.<br>Leanúint de chlár Oibrithe Deonacha Pobail a chur i bhfeidhm, ag earcú baill de ghrúpaí atá imeallaithe go sóisialta mar oibrithe deonacha rannpháirteacha.<br>Líon méadaithe mac léinn tríú leibhéal atá ag obair go deonach ar fud Chathair na Gaillimhe agus pobail níos leithne trí chlár obair dheonach na mac léinn ALIVE. | Ionad Oibrithe Deonacha na Gaillimhe/ Ollscoil na Gaillimhe | CFPÁ/Eagraíochtaí Pobail |
| 3.7 | Cuir chuige comhpháirtíochta a chur chun cinn i dtreo inrochtaineachta agus seirbhís agus an luach a chuireann an éagsúlacht sin ar fáil don chathair a aithint agus a chur chun feabhais. | Tionscnaimh idirchultúrtha agus frithchiníochais a chur chun cinn chun éagsúlacht agus imeascadh pobail a fheabhsú | Gníomhartha a sheachadadh i Straitéis Idirchultúrtha agus Frithchiníochais Chathair na Gaillimhe 2026-2030.<br>Imeachtaí féilte pobail a chuireann éagsúlacht chun cinn a sheachadadh agus páirt a ghlacadh iontu, mar shampla imeachtaí Lá na hAfraice, Laethanta Pobail an Taoibh Thiar agus an Taoibh Thoir, agus Féile Misleór na gCultúr Fáin<br>Dul i mbun feachtais agus cláir feasachta chun dul i ngleic le rátaí ardaithe idirdhealaithe agus chun síocháin shóisialta a chur chun cinn.<br>Gníomhartha ón bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta i gCoinne an Chiníochais 2023-2027 a chur i bhfeidhm.<br>Páirt a ghlacadh i ngrúpa oibre ECCAR maidir le ciníochas Frith-Mhoslamach chun malartú eolais agus dea-chleachtais a éascú idir ballchathracha, rud a chumasaíonn struchtúir foghlama idir piaraí. | Coiste Stiúrtha Idirchultúrtha agus Frithchiníochais Chathair na Gaillimhe/Comhairle Cathrach na Gaillimhe/Foi-reann Lánpháirtíochta Cheantar Áitiúil | CFPÁ/GCP/GCCN/ FSS/Tusla/Croí na Gaillimhe/SALLA M/Gluaiseacht Lucht Siúil na Gaillimhe/Grúpaí Pobail |

| Sprioc Forbartha Inbhuanaithe | | Gníomh | Toradh an ghnímh | Príomh-chomhpháirtí | Struchtúr an Chomhoibrithe |
|---|---|---|---|---|---|
| 3.8 | | Feasacht a ardú ar thaithí an phobail LADTA+ agus tacú le cláir chun ionchuimsiú sóisialta a fheabhsú | Trí chur chuige forbartha pobail, comhionannas agus cearta daonna a chur chun cinn don phobal LADTA+.<br>Tacú le cláir a fheabhsaíonn rannpháirtíocht agus cumasú pobail do bhaill an phobail LADTA+, a théann i ngleic le heisiamh, leithlisiú, neamhionannas agus leithcheal, trí chur chuige forbartha pobail a thacaíonn le tionscnaimh agus freagairtí atá sainaitheanta ag an bpobal.<br>Maoiniú fadtéarmach a fháil d'Ionad Acmhainní LADT+ Teach Solais mar uirlis lárnach chun tacú le hionchuimsiú sóisialta agus é a fheabhsú. | AMACH! LGBT na Gaillimhe | GTM/GCCN/FSS/ Tacaíocht Teaghlaigh/Tusla /Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean/Seirbhísí Foréigean Baile/GCP |
| 3.9 | | A chinntiú go dtacaítear le daoine faoi mhíchumas chun páirt a ghlacadh agus go gcloisfear a nglór | Coiste Stiúrtha um Míchumas agus Cuimsiú a bhunú chun cur chuige ilrannach a bhaint amach maidir le seirbhísí a sholáthraíonn Comhairle Cathrach na Gaillimhe a chur ar fáil do chách.<br>Oifigeach Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas a cheapadh chun maoirseacht a dhéanamh ar thionscnaimh inrochtaineachta agus chun cúnamh agus treoir a chomhordú do dhaoine faoi mhíchumas ar mian leo teacht ar eolas, ar sheirbhísí nó ar fhoirgnimh na Comhairle Cathrach.<br>Plean Straitéiseach Chathair na Gaillimhe chun Tithíocht a chur ar fáil do Dhaoine faoi Mhíchumas 2021 – 2026 a chur i bhfeidhm agus soláthar méadaithe tithe do dhaoine faoi mhíchumas a chur i bhfeidhm.<br>Plean Gníomhaíochta don Gheilleagar Oíche agus Tionscadal Aistrithe URBACT an AE 'Cathracha Inrochtana do Chách' a chur i bhfeidhm.<br>Neamhspleáchas níos mó, imeascadh agus rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn tríd an 'dTionscnamh Réalta Óir'. | Comhairle Cathrach na Gaillimhe/GCP | Rochtain do Chách/Grúpa Stiúrtha Tithíochta & Míchumais/Fóram Comhairleach Oíche Chathair na Gaillimhe |

| Sprioc Forbartha Inbhuanaithe | | Gníomh | Toradh an ghnímh | Príomh-chomhpháirtí | Struchtúr an Chomhoibrithe |
|---|---|---|---|---|---|
| 3.10 | | Rochtain ar sheirbhísí poiblí agus a dtorthaí a fheabhsú don Lucht Siúil | Plean Gníomhaíochta TIG 2025 – 2026 a chur i bhfeidhm, agus aird ar leith á tabhairt ar chur i bhfeidhm an Chreata chun Freagairt d'Eitneachas an Lucht Siúil agus glacadh le hInniúlacht Chultúrtha agus Oiliúint Frithchiníochais a chur chun cinn.<br>Tacú le Comhghrúpa Idirghníomhaireachta Chathair agus Chontae na Gaillimhe agus é a neartú, ag cinntiú go gcuirfear i bhfeidhm gníomhartha áitiúla a aithníodh i Straitéis Oideachais an Lucht Siúil agus na Romach 2024-2030, sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Shláinte an Lucht Siúil 2022-2027 agus in NITRIS 2024-2028.<br>Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2025 – 2026 de chuid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe a chur i bhfeidhm, agus cóiríocht atá oiriúnach don chultúr á meas. | Grúpa Idirghníomhaireachta Lucht Siúil Chathair agus Chontae na Gaillimhe | Comhairle Cathrach na Gaillimhe |
| 3.11 | Tiomantas do chearta an duine, comhionannas, comhtháthú agus frith-idirdhealú a léiriú, atá ag teacht lenár bhfreagrachtaí faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine | Leanúint ar aghaidh ag comhordú tacaíochtaí do dhídeanaithe, d'iarrthóirí tearmainn agus do phobail nua | Clinicí Tacaíochta a sheoladh chun tacaíochtaí pearsanta neamhthreoracha a chur ar fáil d'IPAnna agus do BOTPanna.<br>Oiliúintí saincheaptha a chur ar fáil trí 'Thionscnamh oiliúna oscailte' na foirne imeasctha do dhaoine atá ag obair le hiarrthóirí tearmainn agus le dídeanaithe.<br>Leanúint ar aghaidh ag cur Fóram Lánpháirtíochta Pobail Chathair na Gaillimhe ar fáil. | Foireann Lánpháirtíochta Cheantar Áitiúil Chathair na Gaillimhe | GCP/Fóram Lánpháirtíochta Pobail Chathair na Gaillimhe |
| 3.12 | | Prionsabail chearta an duine agus chomhionannais a leabú ar fud Chomhairle Cathrach na Gaillimhe | Oiliúint agus feasacht a chur ar fáil don fhoireann agus d'ionadaithe tofa lena n-áirítear dualgas san earnáil phoiblí; inniúlacht idirchultúrtha; inniúlacht chultúrtha LADTA+, feasacht agus frithchlaonadh an Lucht Siúil, frithchiníochas, feasacht míchumais, agus cleachtas atá bunaithe ar thráma. | Comhairle Cathrach na Gaillimhe | CFPÁ/Coiste Cúram Leanaí na Gaillimhe/Comhairle Inimirceach na hÉireann |

| Sprioc Forbartha Inbhuanaithe | | Gníomh | Toradh an ghnímh | Príomh-chomhpháirtí | Struchtúr an Chomhoibrithe |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Freagrachtaí Comhionannais agus Dualgas um Chearta an Duine na hEarnála Poiblí a leabú i ngach feidhm de chuid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, lena chinntiú go bhfuil baill foirne agus ionadaithe tofa ar an eolas faoin ról atá acu chun an comhionannas a chur chun cinn, chun cosc a chur ar leithcheal, agus chun seasamh le cearta an duine i seachadadh seirbhíse agus sa chinnteoireacht.<br>Coiste um Dhualgas Earnála Poiblí a bhunú chun tacú le forbairt agus le cur i bhfeidhm an Dualgais.<br>Tacú le tionscnaimh phobail chun cailíní agus mná a chumasú chun páirceanna agus áiseanna poiblí a úsáid trí na cuspóirí atá leagtha amach i 'Straitéis Náisiúnta do Mhná & do Chailíní 2025-30' a chur i bhfeidhm, agus torthaí 'Straitéis na Spásanna Glasa'. | | SALLAM/Eagraíochtaí Pobail |

# Cuspóir Ardleibhéil 4 — Cathair sheasmhach inbhuanaithe



# Cuspóir Ardleibhéil 4 — cathair sheasmhach inbhuanaithe



| Sprioc Forbartha Inbhuanaithe | | Gníomh | Toradh an ghnímh | Príomh-chomhpháirtí | Struchtúr an Chomhoibrithe |
|---|---|---|---|---|---|
| 4.1 | A chinntiú go bhfuil ár gcathair agus ár mbonneagar seasmhach agus oiriúnaitheach d’aeráid atá ag athrú | Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide de chuid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe a chur i bhfeidhm | Bunlíne astaíochtaí a fhorbairt mar thosaíocht chun KPlanna a bhunú, chun an sprioc laghdaithe 51% ar astaíochtaí a thomhas agus a chur ar fáil.<br>Measúnú riosca ar ghníomhaíocht aeráide a uasdátú ar bhonn bliantúil.<br>Plean an Zóin Dícharbónaithe a chur i bhfeidhm. | Comhairle Cathrach na Gaillimhe | Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide/SPC Forbartha Tionscadal |
| 4.2 | | Leanúint de ghníomhartha oidhreachta ábhartha laistigh den tionscadal píolótach NetZeroCities | An ceantar a fhorbairt mar shaotharlann bheo chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann le claochlú digiteach agus glas agus straitéis fiontair réigiúnach roinnte chun leas a bhaint as acmhainneacht na Zón Dícharbónaithe.<br>Leanúint den obair a thosaigh an tionscadal píolótach NetZeroCities chun tacú le glacadh iarfheistithe laistigh den chathair.<br>Rátáil BER feabhsaithe do thithíocht laistigh de Zón Dícharbónaithe Chathair na Gaillimhe. | Comhairle Cathrach na Gaillimhe | Grúpaí Pobail/ÚFIÉ |
| 4.3 | | Tacú le pobail agus iad a chumasú tríd an gciste gníomhaithe ar son na haeráide agus trí mháistirphleananna fuinnimh a fhorbairt | Comhaontú a dhéanamh ar phróiseas maoinithe agus tacú le pobail. Rannpháirtíocht i gclár Pobail Fuinnimh Inbhuanaithe a chur chun cinn agus a spreagadh.<br>Máistirphleananna fuinnimh i bhfeidhm agus soláthar maoinithe. | Comhairle Cathrach na Gaillimhe | Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide /ÚFIÉ/Institiúidí Tríú Leibhéal |

| Sustainable Development Objective | | Action | Action Outcome | Lead Partner | Collaboration Structure |
|---|---|---|---|---|---|
| 4.4 | | Grúpa Oibre um Athúsáid & Athnuachan a bhunú agus tionscadal píolótach a chur i bhfeidhm chun tacú le hathúsáid oiriúnaitheach | Forbraíodh creat chun athúsáid oiriúnaitheach a leabú mar mheicníocht seachadta laistigh den PÁEP.<br>Tionscadal píolótach um athúsáid oiriúnaitheach a aithint agus a chur i bhfeidhm.<br>Tuairisciú agus rianú bliantúil ar sheachadadh bonneagair atá ag teacht le tosaíochtaí fáis an PÁEP. | Comhlachas Tráchtála na Gaillimhe | Coiste Bonneagair Chumann Tráchtála na Gaillimhe |
| 4.5 | Infheistíocht sa gheilleagar ciorclach agus glas a mhéadú, tacú le gnó agus le fiontair nua agus reatha san aistriú chuig geilleagar neodrach, agus leas a bhaint as deiseanna gnó glasa atá ag teacht chun cinn | Tionscnaimh a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun an geilleagar ciorclach agus neodrach a chur chun cinn laistigh de Chathair na Gaillimhe | Líon méadaithe tionscadal agus comhoibrithe a chuireann prionsabail inbhuanaitheachta agus an geilleagar ciorclach chun cinn.<br>Rannpháirtíocht ghnó feabhsaithe i dtionscnaimh um ghníomhaíocht ar son na haeráide agus dícharbónú.<br>Clár meantóireachta agus oiliúna a fhorbairt atá dírithe ar mhúnlaí gnó don gheilleagar ciorclach d’fhiontair atá ann cheana féin.<br>Ceardlann Geilleagar Ciorclach MODUS a sheachadadh do FBManna chun feasacht agus piarfhoghlaim a mhéadú maidir le cleachtais an gheilleagair chiorclaigh.<br>Méadú ar líon na ngnólachtaí atá rannpháirteach i gceardlanna agus i bhfeachtais feasachta sa gheilleagar ciorclach.<br>Níos mó fiontar ag glacadh le cleachtais ísealcharbóin trí mheantóireacht, deontais agus tacaíochtaí luathaithe.<br>Seisiúin maidir le hairgeadas glas a chur ar fáil do chomhaltaí Chumann Tráchtála na Gaillimhe chun tacú le cinntí infheistíochta inbhuanaithe. | Comhairle Cathrach na Gaillimhe/An Oifig Fiontair Áitiúil | Coiste Inbhuanaitheacht a Chumann Tráchtála na Gaillimhe/An Oifig Réigiúnach um Pleanáil Bainistíochta Dramhaíola |

| Sprioc Forbartha Inbhuanaithe | | Gníomh | Toradh an ghnímh | Príomh-chomhpháirtí | Struchtúr an Chomhoibrithe |
|---|---|---|---|---|---|
| 4.6 | | Cláir luathaithe a chur ar fáil chun nuálaíocht inbhuanaitheachta a threisiú, lena n-áirítear tacaíochtaí spriocdhírithe do FBManna agus d'fhiontraithe chun glacadh le múnlaí gnó maidir leis an ngeilleagar ciorclach, teicneolaíochtaí glasa agus uirlisí claochlaithe digiteacha | Rochtain a chur ar fáil ar Chomhairleoireacht Ghlas do Ghnó agus ar Dheontais Éifeachtúlachta Fuinnimh chun cabhrú le fiontair astuithe carbóin a laghdú agus éifeachtúlacht acmhainní a fheabhsú.<br>Ciste Claochlaithe Glas & Digiteach a sheoladh chun tacú le micrifhiontair agus fiontair bheaga chun réitigh ísealcharbóin agus dhigiteacha a ghlacadh.<br>Meantóireacht agus grodchúrsaí luathaithe a éascú dírithe ar nuálaíocht inbhuanaitheachta agus fiontraíocht sa gheilleagar ciorclach.<br>Tacú le heolas agus feasacht úinéirí gnó agus fostaithe ar dhúshláin agus deiseanna an gheilleagair chiorclaigh/ghlais trí imeachtaí eolais agus iad a threorú chuig cláir oiliúna fostaithe ábhartha.<br>Clár meantóireachta agus oiliúna a fhorbairt atá dírithe ar mhúnlaí gnó don gheilleagar ciorclach d'fhiontair atá ann cheana. | Oifig Fiontair Áitiúil | SPC Forbartha Uirbeach/Scileann a Réigiúnacha an Iarthair |
| 4.7 | | Plean feasachta ar athrú aeráide agus feachtas a fhorbairt do ghnólachtaí agus do ghnólachtaí nuathionscanta chun eolas a chur ar fáil faoin gcaoi ar féidir bearta gníomhaíochta ar son na haeráide a chomhtháthú i ngníomhaíochtaí gnó | Feasacht a ardú i measc teaghlach, gnólachtaí agus daoine aonair faoin ngeilleagar ciorclach agus conas is féidir leis a saol a fheabhsú.<br>Tionscnaimh a chur i bhfeidhm a chuireann Gaillimh chun cinn go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta mar shuíomh gnó inbhuanaithe. | Comhairle Cathrach na Gaillimhe | Foireann um Ghníomhú ar son na hAeráide |

| Sprioc Forbartha Inbhuanaithe | | Gníomh | Toradh an ghnímh | Príomh-chomhpháirtí | Struchtúr an Chomhoibrithe |
|---|---|---|---|---|---|
| 4.8 | Ár spásanna glasa, ár mbithéagsúlacht agus ár réimse poiblí a chur ar fáil, a chothabháil agus a fheabhsú | Meas a bheith ann don dúlra agus é a chosaint trí bhainistiú agus dearadh cuí spásanna glasa agus tearmainn d'fhiadhúlra | Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chathair na Gaillimhe 2025 – 2030 a chur i bhfeidhm chun bithéagsúlacht a chosaint agus feasacht a ardú agus chun rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara go léir a spreagadh chun í a chosaint agus a fheabhsú don chéad ghlúin eile.<br>Leathnú leanúnach ar Chlár na Spásanna Glasa Sláintiúla, ceantair 'gan baint' agus ceantair atá oiriúnach do phailneoirí<br>Pleananna bainistíochta a fhorbairt do cheantair ghlasa lena n-áirítear coillearnacha uirbeacha agus coillearnacha taitneamhachta nua a chruthú i gcomhpháirtíocht le Coillte.<br>Cosc a chur ar chailliúint na bithéagsúlachta trí chonairí agus criosanna maolánacha nasctha a chruthú chun deiseanna scaipthe fiadhúlra ar fud an tírdhreach a mhéadú agus chun daoine a nascadh leis an mbithéagsúlacht. | Comhairle Cathrach na Gaillimhe | Pobail áitiúla agus cumainn chónaitheoirí |
| 4.9 | | Tionscadail athnuachana a chur i bhfeidhm i Straitéis Réimse Poiblí Chathair na Gaillimhe 2019 | Cuirtear straitéis agus tionscadail ghaolmhara ar fáil faoi mhaoirseacht grúpa oibre tras-ranna.<br>Réimse poiblí ardchaighdeáin a chur chun cinn atá buan, inbhuanaithe, inrochtana agus cuimsitheach.<br>Bearta a chur san áireamh chun ceangal leis an ngréasán glas a chinntiú agus chun sochar bithéagsúlachta a chinntiú laistigh de shuíomhanna athnuachana uirbí.<br>Tionscnaimh Straitéis an Réimse Phoiblí a chur i bhfeidhm a fhaigheann tacaíocht ó mhaoiniú URDF lena n-áirítear tionscadal athnuachana Bharr an Chalaidh; tionscadal athnuachana Mhargadh an Éisc agus tionscadal sráideanna lár na cathrach.<br>Dul chun cinn ar thionscadail Réimse Poiblí Athnuachana na Sráide Trasna agus Shráid na Lombardach. | Comhairle Cathrach na Gaillimhe | An tÚdarás Náisiúnta Iompair/Foireann Taistil Ghníomhach/ An Ciste um Athnuachan agus Forbairt Uirbeach/DHLGH |

| Sprioc Forbartha Inbhuanaithe | | Gníomh | Toradh an ghnímh | Príomh-chomhpháirtí | Struchtúr an Chomhoibrithe |
|---|---|---|---|---|---|
| 4.10 | | Plean Bonneagair Gorm Glas a fhorbairt do Chathair na Gaillimhe | Torthaí Straitéis na Spásanna Glasa agus an Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Áitiúil 2025 – 2030 a chur i bhfeidhm agus Plean Bonneagair Gorm Glas a fhorbairt chun cáilíocht agus feidhm an 'Líonra Ghlais' a neartú agus conairí éiceolaíochta seasmhacha a chur ar fáil don fhiadhúlra agus do dhaoine chun taitneamh a bhaint astu.<br>Naisc éiceolaíochta a bhunú agus a neartú ar fud na cathrach, lena n-áirítear Bonneagar Gorm Glas GBI1 Bearna – Ros Cam, lena n-áirítear bearta ar nós Córais Inbhuanaithe Draenála Uirbigh (SuDS), Gairdíní Báistí, soithí plandaí agus eile.<br>Naisc éiceolaíochta a bhunú agus a neartú ar fud na cathrach, lena n-áirítear Bonneagar Gorm Glas GBI1 Bearna – Ros Cam, lena n-áirítear bearta ar nós Córais Inbhuanaithe Draenála Uirbigh (SuDS), Gairdíní Báistí, soithí plandaí agus eile.<br>Forbairt an Mhoil Áineasa Spóirt Uisce ag Foirgneamh na nOibreacha Uisce i dTír Oileáin a chur chun cinn trí chéim 1 de na hoibreacha tógála a thosú. | Comhairle Cathrach na Gaillimhe | GCP/An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra |
| 4.11 | | Dul chun cinn a dhéanamh ar Chreat an Chladaigh agus an Bhaile i mBóthar na Trá, ag glacadh cur chuige cinnteoireachta comhroinnte maidir le fís atá bunaithe ar an bpobal a chruthú | Aghaidh a thabhairt ar na príomhcheisteanna lena n-áirítear feabhsuithe ar spásanna agus áiseanna poiblí, inrochtaineacht níos fearr, inbhuanaitheacht agus gníomhaíocht ar son na haeráide trí fheabhsú, bainistiú, úsáid agus forbairt na Trá agus an chladaigh, ag dul ón gCarraig Dhubh go Trá Grattan agus lena n-áirítear an sráidbhaile féin, an pháirc agus Leisureland.<br>Feabhas a chur ar an réimse poiblí, ar thurasóireacht, ar bhithéagsúlacht agus ar luach taitneamhachta Bhóthar na Trá. | Comhairle Cathrach na Gaillimhe | Pobal Gnó Bhóthar na Trá |

| Sprioc Forbartha Inbhuanaithe | | Gníomh | Toradh an ghnímh | Príomh-chomhpháirtí | Struchtúr an Chomhoibrithe |
|---|---|---|---|---|---|
| 4.12 | Forbairt inbhuanaithe a chumasú a fheabhsaíonn an timpeallacht nádúrtha, a laghdaíonn tomhaltas acmhainní, a spreagann aistriú módúil chuig taisteal inbhuanaithe agus a sholáthraíonn do gach riachtanas tithíochta | Tionscadail fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt agus úsáid teicneolaíochtaí in-athnuaite atá ag teacht chun cinn a leathnú | Leathnú ar an gclár éifeachtúlachta fuinnimh stoic tithíochta sóisialta chun meánrátálacha BER a mhéadú.<br>Éifeachtúlacht fuinnimh na bhfoirgneamh atá ann cheana a fheabhsú agus polasaithe a fhorbairt chun foirgnimh nua astaíochtaí nialasacha a sheachadadh agus leanúint den chlár iarfheistithe a leathnú.<br>Fuinneamh in-athnuaite agus an earnáil fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn i gcomhréir le Plean Gníomhaíochta Aeráide Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2024-2029. | Comhairle Cathrach na Gaillimhe | ÚFIÉ/Pobail Fuinnimh Inbhuanaithe |
| 4.13 | | Straitéis Iompair na Gaillimhe a chur i bhfeidhm chun aistriú módúil chuig taisteal inbhuanaithe agus gníomhach a spreagadh | Tuilleadh forbartha ar ghréasán raonta rothar comhtháite don chathair agus forbairt ar chroíghréasán raonta rothar a cheanglaíonn scaradh maith ón trácht nuair is praiticiúil.<br>Spás bóthair a athdháileadh le haghaidh úsáid coisithe, rothar agus iompair phoiblí agus tuilleadh forbartha a dhéanamh ar BusConnects agus ar an Nasc Traschathrach, bealach tosaíochta bus a théann soir/siar trí lár na cathrach. | Comhairle Cathrach na Gaillimhe | An tÚdarás Náisiúnta Iompair/Foireann Taistil Ghníomhach |
| 4.14 | | Pleanáil do bhainistiú inbhuanaithe agus éifeachtach riosca tuilte sa chathair | Dearadh agus forbairt ar Scéim Mhaolaithe Tuile Coirib go Cósta a bhrú chun cinn.<br>Réitigh chruthaitheacha tírdhreacha agus ailtireachta a dhearadh, ar féidir leo an tírdhreach uirbeach agus taitneamhacht réimse poiblí a fheabhsú chomh maith le dul i ngleic le bainistíocht riosca tuilte. | Comhairle Cathrach na Gaillimhe | Oifig na nOibreacha Poiblí/Foireann<br>Chomhordaithe Idirghníomhairea chta |

| Sprioc Forbartha Inbhuanaithe | | Gníomh | Toradh an ghnímh | Príomh-chomhpháirtí | Struchtúr an Chomhoibrithe |
|---|---|---|---|---|---|
| 4.15 | | Seachadadh tithíochta sóisialta agus inacmhainne a leathnú faoi Phlean Gníomhaíochta um Sheachadadh Tithíochta Chathair na Gaillimhe 2026 – 2030 agus plean a chur ar fáil d'úsáid éifeachtach tailte | Leathnaíodh an réimse roghanna agus tionachtaí tithíochta inacmhainne, lena n-áirítear scéimeanna Tithíochta ar Cíos Costais a fhorbairt.<br>Dul chun cinn a dhéanamh ar na máistirphleananna d'athfhorbairt láithreán ag Bóthar an Ghainimh agus Bóthar na Díge leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún.<br>Folús agus foirgnimh thréigthe a laghdú agus tithe a thabhairt ar ais in úsáid tríd an Deontas Athchóirithe do Mhaoin Fholamh agus úsáid a bhaint as tithe nó láithreáin atá folamh agus tréigthe a fuarthas go héigeantach faoin Acht um Láithreáin Thréigthe.<br>Pleanáil le haghaidh úsáid éifeachtach tailte nach bhfuil seirbhísithe go leor faoi láthair ach a d'fhéadfadh seirbhís iomlán a fháil d'fhorbairt inbhuanaithe.<br>Iniúchadh a dhéanamh ar chomhléarscáil de thalamh inseirbhíse i gCathair na Gaillimhe/Contae na Gaillimhe chun eolas a thabhairt do chinntí zónála.<br>Meastachán agus cuntas a thabhairt ar riachtanais tithíochta amach anseo trí úsáid a bhaint as sonraí Daonáirimh atá ann cheana, Measúnú Riachtanas agus Éileamh Tithíochta 2023-2029, agus fás daonra a bhfuiltear ag súil leis. | Comhairle Cathrach na Gaillimhe/Cumann Tráchtála na Gaillimhe/Construct Innovate | Oifig na nOibreacha Poiblí/Foireann Chomhordaithe Idirghníomhaireachta/DHLGH/AHBanna<br>/LDA/Coiste Bonneagair Chumann Tráchtála na Gaillimhe |

# Cuspóir Ardleibhéil 5 — cathair ina gcuirtear sláinte agus folláine chun cinn



# Cuspóir Ardleibhéil 5 — cathair ina gcuirtear sláinte agus folláine chun cinn



| Sprioc Forbartha Inbhuanaithe | | Gníomh | Toradh an ghnímh | Príomh-chomhpháirtí | Struchtúr an Chomhoibrithe |
|---|---|---|---|---|---|
| 5.1 | Neamhionannas sláinte a laghdú agus torthaí sláinte a fheabhsú trí chláir a chur i bhfeidhm a dhíríonn ar shláinte fhisiciúil, mheabhrach agus folláine agus cothú | Gníomhartha sláinte agus folláine a chur i bhfeidhm ar fud clár, pleananna agus straitéisí. | Straitéis Shláintiúil Chathair na Gaillimhe 2027-2031 a fhorbairt chun sláinte agus folláine mheabhrach agus fhisiciúil mhuintir na háite a fheabhsú.<br>Deontais Phobail Shláintiúla Chathair na Gaillimhe a chur ar fáil chun tacú le grúpaí pobail agus le heagraíochtaí deonacha chun aghaidh a thabhairt ar neamhionannas sláinte.<br>Gníomhartha a sheachadadh trí straitéisí áitiúla agus náisiúnta cuí.<br>Seirbhís Shóisialta um Ordú Oideas Chathair na Gaillimhe a chur ar fáil go leanúnach, ag nascadh daoine aonair le tacaíochtaí pobalbhunaithe chun sláinte, folláine agus ionchuimsiú sóisialta a fheabhsú.<br>Sláinte agus folláine tuismitheoirí agus leanaí 0-3 bliana d'aois a chur chun cinn agus grúpaí Tuismitheoirí & Leanaí nua agus atá ann cheana a chur chun cinn agus tacú leo.<br>Tacú le seirbhísí Luathfhoghlama agus Cúraim chun eispéiris scoile ar an trá a chur chun cinn do leanaí óga agus do theaghlaigh chun aclaíocht leanaí a mhéadú, agus feasacht dhearfach mheabhairshláinte agus timpeallachta á cur chun cinn ag an am céanna.<br>Iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht Act-Belong-Commit, clár folláine mheabhrach pobalbhunaithe, a chur i bhfeidhm i gCathair na Gaillimhe. | Comhairle Cathrach na Gaillimhe/Coiste Stiúrtha Chathair Shláintiúil na Gaillimhe/GCP /Fochoiste Luathbhlianta Chathair na Gaillimhe de chuid CYPSC na Gaillimhe/Coiste Cúraim Leanaí na Gaillimhe/Ionad Taighde um Chur Chun Cinn Sláinte Ollscoil na Gaillimhe | CFPÁ/Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe/GCP/WRDTF /GCCN/Comhaontas Aoisbhá/Grúpa Idirghníomhaireachta don Lucht Siúil/Fóram Alcóil Chathair na Gaillimhe/Sexual Health West |
| 5.2 | | Tacú le seirbhísí óige a fhorbairt chun sláinte agus folláine daoine óga a fheabhsú | Rinneadh Suirbhéanna Planet Youth i ngach iar-bhunscoil agus ionad iar-bhunscoile.<br>Tugadh Leabhráin Treoirlínte Planet Youth do thuismitheoirí go bliantúil.<br>Chuir oícheanta eolais do thuismitheoirí na chéad bhliana i ngach scoil in iúl na príomhtheachtaireachtaí atá sa leabhrán Treoirlínte Planet Youth do Thuismitheoirí. | Planet Youth na Gaillimhe/BOOGR/Meitheal Drugaí agus Alcól an Iarthair | Comhairle Cathrach na Gaillimhe/Foghrúpa Leisure Time Planet Youth |

| Sprioc Forbartha Inbhuanaithe | | Gníomh | Toradh an ghnímh | Príomh-chomhpháirtí | Struchtúr an Chomhoibrithe |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Léarscáil de ghníomhaíochtaí seach-churaclaim fóillíochta agus sóisialta atá ar fáil do dhaoine óga i gCathair na Gaillimhe, mar aon le plean cumarsáide. | | |
| 5.3 | | Gníomhartha sláinte agus folláine a chur i bhfeidhm ar fud clár, pleananna agus straitéisí. | Seirbhísí óige aoisoiriúnacha a chur ar fáil le hoibrithe óige cáilithe a chuireann obair ghrúpa agus tacaíocht duine le duine ar fáil do dhaoine óga idir 10-25 bliana d'aois.<br>Forbairt leanúnach ar an tseirbhís thiomanta tacaíochta don aos óg i mBaile an Phoill, le fócas ar leith ar sheirbhísí do leanaí atá 6-12 bliana d'aois.<br>Comhordú a dhéanamh ar Chomhairle na nÓg Chathair na Gaillimhe. | Obair d'Ógra Éireann Gaillimh/GCP /CYPSC | BOOGR/DCEDIY<br>FSS/Tusla<br>/Comhairle Cathrach na Gaillimhe/Tionscadal Óige Sauti/CFSN/Comhpháirtíocht Áitiúil um Shábháilteacht Pobail/Grúpa Rochtana Óige YWI |
| 5.4 | | Ionad Óige tiomnaithe a chur ar fáil chun deiseanna oibre Óige uilíocha agus spriocdhírithe a chur ar fáil do dhaoine óga | Ionad óige atá insroichte go hiomlán le spás tiomnaithe do chláir chomhairleoireachta, tacaíocht duine le duine, obair ghrúpa, agus eolas don aos óg.<br>Deiseanna méadaithe do dhaoine óga chun dul i mbun obair óige agus seachadadh seirbhíse níos éifeachtaí do dhaoine óga.<br>Oibriú le hearnáil na hoibre don ógra chun maoiniú inbhuanaithe fadtéarmach a fháil do sheirbhísí don aos óg. | BOOGR/Obair d'Ógra Éireann Gaillimh/CYPSC | Comhairle Cathrach na Gaillimhe/CFPÁ |
| 5.5 | Struchtúir agus comhpháirtíochtaí atá mar bhonn faoi shábháilteacht agus folláine gach duine i gCathair na Gaillimhe a fhorbairt agus tacú leo | Comhthionscnaimh agus comhfhreagairtí a chur i bhfeidhm ar shaincheisteanna sábháilteachta pobail atá ag teacht chun cinn | A chinntiú go dtagann an Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil (LCSP) le chéile go rialta agus go ndírítear ar phleanáil chomhoibríoch, ar mhonatóireacht agus ar athbhreithniú ar thionscnaimh sábháilteachta pobail.<br>Plean Sábháilteachta Pobail Chathair na Gaillimhe a fhorbairt i gcomhairle le baill den LCSP agus le páirtithe leasmhara eile, bunaithe ar pholasaí agus ar dhea-chleachtas. | Comhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil Chathair na Gaillimhe/Comhairle Cathrach na Gaillimhe | An Oifig Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail/An Garda Síochána/Tascfhórsa Turasóireachta Chathair na Gaillimhe |

| Sprioc Forbartha Inbhuanaithe | | Gníomh | Toradh an ghnímh | Príomh-chomhpháirtí | Struchtúr an Chomhoibrithe |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Comhordú feabhsaithe agus comhroinnt eolais idir gníomhaireachtaí, grúpaí pobail, agus muintir na háite.<br>Laghdú ar iompar frithshóisialta, ar choireacht, nó ar fhadhbanna sábháilteachta eile arna dtomhas ag sonraí áitiúla agus suirbhéanna pobail.<br>Dearcadh feabhsaithe ar shábháilteacht agus ar fholláine i measc gach grúpa i gCathair na Gaillimhe.<br>Gníomhartha chur i bhfeidhm, lena n-áirítear sábháilteacht a fheabhsú ag láithreacha imní ar leith, i gcomhréir leis an 'Féinmharú a chosc in áiteanna poiblí: Tacar uirlisí dea-chleachtais'.<br>Leanúint ar aghaidh le creidiúnú Brat Corcra a bhaint amach agus gníomhartha a chur i bhfeidhm faoin gClár Plean Gníomhaíochta don Gheilleagar Oíche. | | |
| 5.6 | | Dochar a bhaineann le halcól a chosc agus a laghdú | Straitéis Chathair na Gaillimhe a chur i bhfeidhm chun dochar a bhaineann le halcól a chosc agus a laghdú<br>Tacú le forbairt agus inbhuanaitheacht Mhol Téarnaimh na Gaillimhe agus le múnla na Cathrach Téarnaimh Chuimsithigh a chur i bhfeidhm ar fud na cathrach trí chomhoibriú trasearnála agus trí rannpháirtíocht pobail.<br>Feiceálacht agus inrochtaineacht fheabhsaithe tacaíochtaí téarnaimh ar fud na cathrach, léirithe ag rannpháirtíocht mhéadaithe in imeachtaí téarnaimh, tionscnaimh phiarthreoraithe, agus feachtais feasachta pobail.<br>An Scéim Fostaíochta Pobail Téarnaimh a chur ar fáil go leanúnach chun cabhrú le daoine aonair atá ag téarnamh a saol a atógáil trí thionscnaimh folláine fhisiciúil, mheabhrach agus shóisialta. | Cothú & Feabhsú Sláinte FSS<br>/WRDATF/GCP | Fóram Alcóil Chathair na Gaillimhe/<br>Comhairle Cathrach na Gaillimhe/<br>Comhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil Chathair na Gaillimhe |
| 5.7 | | Tacú le pobail teacht ar ais chucu féin ó chásanna díobhálacha, lena n-áirítear drochaimsir, tuilte agus géarchéimeanna eile | Plean Athléimneachta agus Ullmhachta Pobail agus tacar uirlisí a fhorbairt do Chathair na Gaillimhe.<br>Prótacail chumarsáide soiléire chun eolas cruinn agus sothuigthe a chinntiú le linn géarchéimeanna<br>Mapáil chuimsitheach ar thacaíochtaí pobail agus ar bhonneagar.<br>Infheistíocht in oiliúint athléimneachta pobail agus moil éigeandála áitiúla | Comhairle Cathrach na Gaillimhe | Líonra Pobail Chathair na Gaillimhe/Comhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil/Eagraíochtaí Áitiúla |

| Sprioc Forbartha Inbhuanaithe | | Gníomh | Toradh an ghnímh | Príomh-chomhpháirtí | Struchtúr an Chomhoibrithe |
|---|---|---|---|---|---|
| 5.8 | Stíleanna maireachtála sláintiúla a chur chun feabhais trí chláir agus trí áiseanna áitiúla spóirt agus gníomhaíochta coirp a fhorbairt | Siúl, rith agus rothaíocht a spreagadh agus a éascú mar mhodh iompair agus mar rogha eile ar an gcarr | Forbraíodh áiseanna nua siúil agus rothaíochta agus seachadadh Aghaidh na Scoile/Sráideanna na Scoile<br>Tionscnaimh a chur chun cinn lena n-áirítear pleananna taistil ghníomhacha, páirceáil rothar, soghluaisteacht chomhroinnte, rannpháirtíocht pobail lena n-áirítear Bus Rothaíochta Scoile, An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre, comhtháthú iompair phoiblí, ceantair do choisithe. | Comhairle Cathrach na Gaillimhe/An tÚdarás Náisiúnta Iompair | Foireann Taistil Ghníomhach Chomhairle Cathrach na Gaillimhe |
| 5.9 | | Straitéis na Spásanna Glasa a chur i bhfeidhm agus forbairt áiseanna breise pobail agus fóillíochta a chur chun cinn | Áiseanna méadaithe amuigh faoin aer do dhaoine óga agus do dhaoine breacaosta chun teacht ar ghníomhaíochtaí sláintiúla, chun bualadh lena chéile agus chun folláine agus forbairt phearsanta a chur chun cinn.<br>Feabhas a chur ar áiteanna súgartha lasmuigh agus ar áiteanna gníomhaíochta do leanaí, déagóirí, agus go háirithe do chailíní agus do mhná óga, chun áiseanna iomlán inrochtana a chur ar fáil.<br>Forbairt Ionad Pobail an Chaisleáin Nua, páirc phobail Bharr an Chalaidh, staidéar féidearthachta ar linn taoide i mBóthar na Trá agus páirc do dhéagóirí/raon pumpála, páirc uile-aimsire Pháirc an Chaisleáin, agus Máistirphleananna Bhaile an Rí, na Páirce Theas agus na Rinne Móire a chríochnú.<br>Áiseanna cuibhrinn agus Gairdíní Pobail a fheabhsú agus a leathnú ar fud na cathrach. | Comhairle Cathrach na Gaillimhe | Seirbhísí Óige/Comhairle na nÓg/Comhairle na nDaoine Breacaosta/Cathrach a Gníomhacha na Gaillimhe |
| 5.10 | | Rannpháirtíocht mhéadaithe do dhaoine de gach cumas i gcúrsaí spóirt agus san aclaíocht trí Chlár na gCathracha Gníomhacha a chur i bhfeidhm i nGaillimh | Plean Áitiúil Spóirt Chathair na Gaillimhe 2026 – 2031 a thabhairt chun cinn<br>Tacú le Mol Spóirt Pobail an Bhaile Bháin & Dhabhach Uisce a chur ar fáil go leanúnach.<br>Clár oibre a fhorbairt, a chur ar fáil agus a chomhordú as a dtagann méadú ar rannpháirtíocht sa spórt, aclaíocht, meabhairshláinte agus folláine fheabhsaithe, agus stíleanna maireachtála gníomhacha le béim ar leith ar phobail faoi mhíbhuntáiste. | Comhairle Cathrach na Gaillimhe | Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe/Spórt Éireann |

Comhairle Cathrach
na Gaillimhe
Galway City Council

LCDC

Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil
Chathair na Gaillimhe
Galway City Local Community Development
Committee